# Teastas Sóisearach

## Bileog Fíricí

# Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh



In Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh beidh deis agat íomhánna agus réada a chruthú le huirlisí agus ábhair éagsúla agus le trealamh speisialta. Chun tuiscint a fháil ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh, ní mór duit rudaí a chruthú tú féin ionas go bhfásfaidh an tuiscint fad a bhíonn tú 'ag déanamh'.

### Cad a bheidh le foghlaim agam in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh?

In Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh:

- déanfaidh tú imscrúdú trí fhéachaint ar rudaí agus trí do bhreathnuithe agus do thaithí a thaifead
- foghlaimeoidh tú ceirdeanna nua éagsúla
- foghlaimeoidh tú conas oibriú le meáin thríthoiseacha, m.sh. foirgníocht, dealbhóireacht nó obair chré
- foghlaimeoidh tú faoin bpróiseas dearaidh agus conas úsáid a bhaint as chun réada agus íomhánna nua a chruthú
- foghlaimeoidh tú conas naisc a dhéanamh idir d'obair ealaíne agus obair ealaíontóirí eile, obair ceardaithe, obair ailtirí agus obair dhearthóirí ó thíortha agus ó thréimhsí eile sa stair.

### Conas a fhoghlaimeoidh mé in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh ar scoil?

De réir mar a théann tú ar aghaidh in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh foghlaimeoidh tú conas oibriú faoi mar a dhéanann ealaíontóir, ceardaí agus dearthóir.

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh leis an múinteoir agus leis an rang:

- cuairt a thabhairt ar ionaid reiligiúnacha agus ar ionaid adhartha
- éisteacht le cainteoirí ó eagraíochtaí agus ó reiligiúin dhifriúla
- oibriú i d'aonar, i bpéirí agus i ngrúpaí
- úsáid a bhaint as téacsleabhar, agus as ábhair eile chomh maith.

Rudaí eile a chabhróidh leat bheith ag foghlaim sa rang:

- ceisteanna a chur
- do nótaí féin a bhreacadh síos
- do chuid nótaí agus bileoga a choimeád i gcomhad; cabhróidh siad leat foghlaim agus dul siar a dhéanamh!
- do chuid scileanna breathnadóireachta a fhorbairt trí bheith ag tarraingt agus ag péinteáil
- ábhair agus acmhainní éagsúla a úsáid (TFC san áireamh) agus féachaint ar na bealaí difriúla inar féidir iad a úsáid
- foghlaim conas obair ealaíne a phleanáil, a bhainistiú agus a chríochnú
- do dhícheall a dhéanamh le hobair bhaile agus tascanna.

### Conas a d'fhéadfainn níos mó a fhoghlaim faoi Ealaín, Cheardaíocht agus Dearadh lasmuigh den scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh:

- féachaint ar íomhánna amhairc i scannáin, i gcartúin, i leabhair, ar bhoird fógraí, srl. agus machnamh a dhéanamh orthu
- dialann amhairc a choimeád ina mbeidh eolas, smaointe, grianghraif, tuairimí, srl. de do chuid féin
- cuairt a thabhairt ar ionaid náisiúnta agus áitiúla ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh agus ar leabharlanna
- úsáid a bhaint as an idirlíon, mar a bhfaighidh tú stíleanna agus cineálacha ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh ó do thír féin agus ó thíortha eile.

## Cén sórt scrúdaithe atá ann d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh sa Teastas Sóisearach?

Tá dhá chuid sa scrúdú Ealaíne, Ceardaíochta, Dearaidh sa Teastas Sóisearach:

- obair an chúrsa – sa tríú bliain déanfaidh tú tionscadal scoilbhunaithe a roghnóidh tú ó liosta téamaí. Déanfaidh tú taighde ar an téama agus obair ullmhúcháin agus críochnóidh tú péintéireacht nó mír dhearaidh ghrafaigh, mír cheardaíochta, agus mír thríthoiseach. Déanfaidh tú ceangal idir do chuid oibre féin agus obair ealaíontóirí eile.
- scrúdú ina dtarraingeoidh tú réad agus duine.

Is féidir an scrúdú a dhéanamh ag an Ardleibhéal nó ag an nGnáthleibhéal. In am trátha, cabhróidh an múinteoir leat an leibhéal is fearr a oireann duit a roghnú.

## An mbeidh na rudaí a fhoghlaimeoidh mé in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh cosúil leis na rudaí a d'fhoghlaim mé sa bhunscoil?

D'fhoghlaim tú sa bhunscoil conas do chumas cruthaitheach a chur in iúl trí bheith ag tarraingt, ag péinteáil agus ag dathú, ag priontáil, ag obair le cré, ag tógáil, agus ag úsáid fabraicí agus snáithíní. Leanfaidh tú ort ag forbairt na scileanna sin agus foghlaimeoidh tú chomh maith conas uirlisí, ábhair agus trealamh speisialta eile a úsáid chun íomhánna agus réada a chruthú.

## Conas a chabhróidh Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh liom?

Beidh mórchuid de na scileanna a fhoghlaimeoidh tú trí staidéar ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh an-úsáideach duit lasmuigh den scoil, is cuma cén post a roghnóidh tú sa todhchaí. Tá mórchuid deiseanna gairme in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh – i réimsí amhail: grianghrafadóireacht, maisiú leabhar, dearadh intí/tionsclaíoch/faisin, oideachas agus ailtireacht.

Tá an bhileog fíricí seo agus bileoga fíricí eile ar fáil le híoslódáil ag **www.ncca.ie**

NCCA National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

**24 Cearnóg Muirfean, Baile Átha Cliath 2 | Tel: + 353-1-6617177**

## Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil ag éirí liom sa rang?

De réir mar a théann tú ar aghaidh in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh:

- beidh tú in ann do dhul chun cinn féin a fheiceáil agus a mheas
- inseoidh an múinteoir duit an feabhas atá tagtha ar do scileanna de réir mar a théann tú chun cinn mar ealaíontóir
- déanfaidh tú meastóireacht ar d'obair féin agus ar obair daoine eile i gcomhrá ranga.

## An mbeidh aon bhaint ag Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh leis na hábhair eile a dhéanfaidh mé?

Tá fianaise ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh mórthimpeall ort agus tá nasc idir é agus na hábhair eile ar fad, agus leis na hábhair seo go speisialta: Grafaic Theicniúil, Eacnamaíocht Bhaile, Teicneolaíocht, Teicneolaíocht Ábhar Adhmad, Miotalóireacht, Oideachas Reiligiúin, OSPS agus OSSP.

## An mbeidh Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh an-difriúil tar éis an Teastais Shóisearaigh?

Tar éis an Teastais Shóisearaigh, féadfaidh tú Ealaín a roghnú don Ardteistiméireacht. Leanfaidh tú ort ag forbairt na bunscileanna ealaíne a d'fhoghlaim tú ag an Teastas Sóisearach agus beidh dúshláin níos mó i gceist. Beidh tú ag déanamh staidéar níos foirmeálta ar stair na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh, agus ar an gcaoi le meas a chothú orthu.

**Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoin gcúrsa Ealaíne, Ceardaíochta, Dearaidh anseo**
**www.curriculumonline.ie**

**Gheobhaidh tú eolas faoi scrúdú an Teastais Shóisearaigh anseo**
**www.examinations.ie**

**Gheobhaidh tú tuilleadh eolas faoi ealaín, ceardaíocht, dearadh anseo**
**www.scoilnet.ie**
**www.artcyclopedia.com**
**www.nationalgallery.ie**
**www.wwar.com**
**www.opw.ie**